# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C 134

An t-eagrán Gaeilge

## Faisnéis agus Fógraí

Imleabhar 66

17 Aibreán 2023


Clár


IV *Fógraí*

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

**Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh**

2023/C 134/01 Foilseacháin deiridh de chuid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* . . . 1

V *Fógairtí*

NÓSANNA IMEACHTA CÚIRTE

**Cúirt Bhreithiúnais**

2023/C 134/02 Cás C-507/22 P: Achomharc arna thabhairt an 26 Iúil 2022 ag Luís Miguel Novais i gcoinne ordú na Cúirte Ginearálta (an Séú Dlísheomra) a tugadh an 2 Meitheamh 2022 i gCás T-195/22, Novais v an Phortaingéil . . . 2

2023/C 134/03 Cás C-592/22 P: Achomharc arna thabhairt an 12 Meán Fómhair 2022 ag Luís Miguel Novais i gcoinne ordú na Cúirte Ginearálta (an Séú Dlísheomra) a tugadh an 4 Iúil 2022 i gCás T-287/22, Novais v an Phortaingéil . . . 2

2023/C 134/04 Cás C-648/22 P: Achomharc arna thabhairt an 17 Deireadh Fómhair 2022 ag SB i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an tOchtú Dhlísheomra) a tugadh an 7 Meán Fómhair 2022 i gCás T-217/21, SB v eu-LISA . . . 2

2023/C 134/05 Cás C-14/23, Perle: Iarraidh ar réamhrialú ón Conseil d'État (an Bheilg) a taisceadh an 16 Eanáir 2023 – XXX v État Belge, dá ndéanann Secrétaire d'État à l'Asile et la Migration ionadaíocht . . . 3

2023/C 134/06 Cás C-90/23 P: Achomharc arna thabhairt an 15 Feabhra 2023 ag Trasta Komercbanka AS i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Naoú Dlísheomra) a tugadh an 30 Samhain 2022 i gCás T-698/16, Trasta Komercbanka agus páirtithe eile v BCE . . . 3


GA

2023/C 134/07 Cás C-105/23 P: Achomharc arna thabhairt an 21 Feabhra 2023 ag Firearms United Network, Tomasz Walter Stępień, Michał Budzyński agus Andrzej Marcjanik i gcoinne bhreithiúna sna Cúirte Ginearálta a tugadh an 21 Nollaig 2022 i gCás T-187/21, Firearms United Network agus páirtithe eile v an Coimisiún . . . . . 5


**Chúirt Ghinearálta**


2023/C 134/08 Cás T-301/20: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 1 Márta 2023 – Hengshi Egypt Fiberglass Fabrics agus Jushi Egypt for Fiberglass Industry v an Coimisiún (Dumpáil – Allmhairí fabraicí snáithíní gloine fite agus/nó fuaite áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na hÉigipte – Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/492 – Dleacht frithdhumpála chinntitheach – Ríomh an ghnáthluacha – Airteagal 2(5) de Rialachán (AE) 2016/1036 – Earráid fhollasach measúnaithe – Díobháil – Ríomh an chorrlaigh shladghearrtha) . . . . . 7

2023/C 134/09 Cás T-480/20: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 1 Márta 2023 – Hengshi Egypt Fiberglass Fabrics agus Jushi Egypt for Fiberglass Industry v an Coimisiún (Fóirdheontais – Allmhairí fabraicí snáithíní gloine fite nó fuaite áirithe de thionscnamh na Síne agus na hÉigipte – Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/776 – Dleacht frithchúitimh chinntitheach – Méid an fhóirdheontais a ríomh – Cuntasacht an fhóirdheontais – Cearta cosanta – Earráid fhollasach measúnaithe – Córas aistarraingthe dleacht allmhairiúcháin – Déileáil cánach le caillteanais malairte eachtraí – Corrlach sladghearrtha a ríomh) . 7

2023/C 134/10 Cás T-540/20: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 1 Márta 2023 – Jushi Egypt for Fiberglass Industry v an Coimisiún (Fóirdheontais – Allmhairí táirgí snáithíneach leanúnach gloine de thionscnamh na hÉigipte – Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/870 – Dleacht frithchúitimh chinntitheach agus bailiú cinntitheach den dleacht frithchúitimh shealadach – Cearta cosanta – Cuntasacht an fhóirdheontais – Earráid fhollasach measúnaithe – Córas aistarraingthe dleacht allmhairiúcháin – Déileáil cánach le caillteanais malairte eachtraí – Corrlach sladghearrtha a ríomh) . . . . . 8

2023/C 134/11 Cás T-175/21: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 15 Feabhra 2023 – RH v an Coimisiún (Ionstraim um chúnamh réamhaontachais – An Rialachán Airgeadais – Imscrúdú de chuid OLAF – Cinneadh ón gCoimisiún lena ngearrtar pionóis riaracháin – Eisiamh ó imeachtaí dámhachtana conarthaí poiblí agus deontais arna maoiniú le buiséad ginearálta an Aontais agus CEF – Clárú i mbunachar sonraí an chórais luathbhraite agus eisiata – Mí-iompar gairmiúil tromchúiseach – Earráid fhollasach mheasúnaithe – Dliteanas neamhchonarthach – Sárú atá sách tromchúiseach ar riail dlí lena ndeonaítear cearta do dhaoine aonair) . . . . . 9

2023/C 134/12 Cás T-324/21: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 1 Márta 2023 – Harley-Davidson Europe agus Neovia Logistics Services International v an Coimisiún (Aontas Custaim – Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 – Tionscnamh neamhfhabhrach gluaisrothar áirithe arna monarú ag Harley-Davidson a chinneadh – Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún lena n-iarrtar go ndéanfar cinntí maidir le faisnéis cheangailteach i leith tionscnaimh arna nglacadh ag na húdaráis chustaim náisiúnta a chúlghairm – An coincheap "oibriú nó próiseáil nach bhfuil údar eacnamaíoch leo" – An ceart chun éisteacht a fháil) . . . . . 10

2023/C 134/13 Cás T-552/21: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 1 Márta 2023 – Worldwide Brands v EUIPO – Wan (CAMEL) (Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí cúlghairme – Focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh CAMEL – Fianaise a cuireadh isteach den chéad uair os comhair an Bhoird Achomhairc – Airteagal 95(2) de Rialachán (AE) 2017/1001 – Airteagal 27(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/625 – Fíorúsáid an trádmhairc – Airteagal 58(1)(a) de Rialachán 2017/1001 – Easpa measúnú ar fhianaise áirithe a cuireadh isteach) . . . . . 10

2023/C 134/14 Cás T-25/22: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 1 Márta 2023 – Canai Technology v EUIPO – Trend Fin (HE&ME) (Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí freasúra – Clárú idirnáisiúnta lena n-ainmnítear an tAontas Eorpach – Marc fíortha "HE&ME" – Focalmharc Benelux níos luaithe "ME" – Foras coibhneasta le diúltú – Cosúlacht na gcomharthaí – Carachtar lag sainiúil an mhairc níos luaithe – Baol mearbhaill – Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001)) . . . . . 11

2023/C 134/15 Cás T-36/22: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 1 Márta 2023 – Romedor Pharma v EUIPO – Perfect Care Distribution (PERFECT FARMA CERVIRON) (Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí cúlghairme – Marc Fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh "PERFECT FARMA CERVIRON" – Marc náisiúnta neamhchláraithe níos luaithe "CERVIRON" – Foras coibhneasta le neamhbhailíocht – Airteagail 8(4) agus 53(1)(c) de Rialachán (CE) 207/2009 (dá ngairtear Airteagail 8(4) agus 60(1)(c) de Rialachán (AE) 2017/1001)) . . . . . 12

| | | |
|---|---|---|
| 2023/C 134/16 | Cás T-37/22: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 1 Márta 2023 – Romedor Pharma v EUIPO – Perfect Care Distribution (Cerviron) (Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí neamhbhailíochta – Focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh "Cerviron" – Marc náisiúnta neamhchláraithe níos luaithe "CERVIRON" – Foras coibhneasta le neamhbhailíocht – Airteagal 8(4) agus Airteagal 60(1)(c) de Rialachán (CE) 2017/2001)) | 12 |
| 2023/C 134/17 | Cás T-38/22: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 1 Márta 2023 – Romedor Pharma v EUIPO – Perfect Care Distribution (CERVIRON perfect care) (Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí neamhbhailíochta – Focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh "CERVIRON perfect care" – Marc náisiúnta neamhchláraithe níos luaithe "CERVIRON" – Foras coibhneasta le neamhbhailíocht – Airteagal 8(4) agus Airteagal 60(1)(c) de Rialachán (CE) 2017/2001)) | 13 |
| 2023/C 134/18 | Cás T-102/22: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 1 Márta 2023 – Transgourmet Ibérica v EUIPO – Aldi (Gourmet) (Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí neamhbhailíochta – Marc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh "Gourmet" – Focalmharc náisiúnta níos luaithe "GOURMET" – Foras coibhneasta le neamhbhailíocht – Saintréith an trádmhairc níos luaithe – Fíorúsáid an trádmhairc níos luaithe – Cruth atá difriúil i ndúile a athraíonn sainiúlacht)) | 14 |
| 2023/C 134/19 | Cás T-217/22: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 1 Márta 2023 – Lifestyle Equities v EUIPO – Greenwich Polo Club (GREENWICH POLO CLUB GPC 2002) (Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí maidir le neamhbhailíocht – Marc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh "GREENWICH POLO CLUB GPC 2002" – Marc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh "BEVERLY HILLS POLO CLUB" roimhe seo – Foras coibhneasta le neamhbhailíocht – Éagmais baoil mhearbhaill – Éagmais cosúlachta idir na táirgí – Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 40/94 (Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 anois)) | 14 |
| 2023/C 134/20 | Cás T-295/22: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 1 Márta 2023 – Crush Series Publishing v EUIPO – Mediaproduccion (The Crush Series) (Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí freasúra – Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh "The Crush Series" – Marc fíortha níos luaithe de chuid an Aontais Eorpaigh CRUSH – Foras coibhneasta le diúltú – Baol mearbhaill – Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001)) | 15 |
| 2023/C 134/21 | Cás T-341/22: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 15 Feabhra 2023 – Deutsche Bank v EUIPO – Operación y Auditoria (avanza Tu negocio) (Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí freasúra – Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh "avanza Tu negocio" – Marc fíortha náisiúnta de chuid an Aontais Eorpaigh "Avanza Credit de Deutsche Bank" roimhe seo – Foras coibhneasta le diúltú – Éagmais baoil mearbhaill – Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001) | 16 |
| 2023/C 134/22 | Cás T-693/20: Ordú na Cúirte Ginearálta an 17 Feabhra 2023 – Hansol Paper v an Coimisiún (Dumpáil – Allmhairí páipéar teirmeach trom áirithe de thionscnamh na Cóiré Theas – Dleacht frithdhumpála chinntitheach – Rialachán (AE) 2016/1036 – Díolacháin trí chomhlachtaí gaolmhara – Comhdhéanamh an phraghais onnmhairiúcháin – Díobháil do thionscal an Aontais – Sladghearradh na bpraghsanna a ríomh – Corrlach díobhála a ríomh – Caingean gan bhunús sa dlí go follasach) | 16 |
| 2023/C 134/23 | Cás T-71/23: Caingean arna tabhairt an 12 Feabhra 2023 – ABLV Bank v BCE agus BRA | 17 |
| 2023/C 134/24 | Cás T-102/23: Caingean arna tabhairt an 26 Feabhra 2023 – SBK Art v an Chomhairle | 18 |
| 2023/C 134/25 | Cás T-105/23: Caingean arna tabhairt an 28 Feabhra 2023 – Iceland Foods v EUIPO – Íslandsstofa (Promote Iceland) agus páirtithe eile (ICELAND) | 18 |
| 2023/C 134/26 | Cás T-106/23: Caingean arna tabhairt an 28 Feabhra 2023 – Iceland Foods v EUIPO – Icelandic Trademark (Iceland) | 19 |
| 2023/C 134/27 | Cás T-107/23: Caingean arna tabhairt an 28 Feabhra 2023 – Myforest Foods v EUIPO (MYBACON) | 20 |
| 2023/C 134/28 | Cás T-112/23: Caingean arna tabhairt an 2 Márta 2023 – Konings v EUIPO – Manuel Busto Amandi (MAY GOLD) | 21 |
| 2023/C 134/29 | Cás T-117/23: Caingean arna tabhairt an 3 Márta 2023 – Kantstraße Paris Bar v EUIPO – Superstudio21 (Bar Paris) | 21 |

| | | |
|---|---|---|
| 2023/C 134/30 | Cás T-118/23: Caingean arna tabhairt an 3 Márta 2023 – House of Prince v EUIPO – Biały (AROMA KING) | 22 |
| 2023/C 134/31 | Cás T-120/23: Caingean arna tabhairt an 5 Márta 2023 — UJ agus páirtithe eile v an Coimisiún | 23 |
| 2023/C 134/32 | Cás T-123/23: Caingean arna tabhairt an 8 Márta 2023 – VA v an Coimisiún | 24 |

IV

*(Fógraí)*

# FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

# CÚIRT BHREITHIÚNAIS AN AONTAIS EORPAIGH

### Foilseacháin deiridh de chuid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*

(2023/C 134/01)

**Foilseachán deiridh**

IO C 127, 11.4.2023

**Foilseacháin stairiúla**

IO C 121, 3.4.2023

IO C 112, 27.3.2023

IO C 104, 20.3.2023

IO C 94, 13.3.2023

IO C 83, 6.3.2023

IO C 71, 27.2.2023

Is féidir teacht ar na téacsanna sin anseo:

EUR-Lex: http://eur-lex.europa.eu

V

*(Fógairtí)*

# NÓSANNA IMEACHTA CÚIRTE

# CÚIRT BHREITHIÚNAIS

**Achomharc arna thabhairt an 26 Iúil 2022 ag Luís Miguel Novais i gcoinne ordú na Cúirte Ginearálta (an Séú Dlísheomra) a tugadh an 2 Meitheamh 2022 i gCás T-195/22, Novais v an Phortaingéil**

**(Cás C-507/22 P)**

(2023/C 134/02)

*Teanga an cháis: an Phortaingéilis*

**Páirtithe**

*Achomharcóir*: Luís Miguel Novais (ionadaithe: C. Almeida Lopes, Á. Oliveira, advogados)

*Páirtí eile sna himeachtaí*: Poblacht na Portaingéile

Le hordú an 17 Feabhra 2023, dhíbh an Chúirt Bhreithiúnais (an Séú Dlísheomra) an t-achomharc toisc é a bheith gan bunús go follasach agus d'ordaigh sí do Luís Miguel Novais a chostais féin a íoc.

---

**Achomharc arna thabhairt an 12 Meán Fómhair 2022 ag Luís Miguel Novais i gcoinne ordú na Cúirte Ginearálta (an Séú Dlísheomra) a tugadh an 4 Iúil 2022 i gCás T-287/22, Novais v an Phortaingéil**

**(Cás C-592/22 P)**

(2023/C 134/03)

*Teanga an cháis: an Phortaingéilis*

**Páirtithe**

*Achomharcóir*: Luís Miguel Novais (ionadaithe: C. Almeida Lopes, Á. Oliveira, advogados)

*Páirtí eile sna himeachtaí*: Poblacht na Portaingéile

Le hordú an 17 Feabhra 2023, dhíbh an Chúirt Bhreithiúnais (an Séú Dlísheomra) an t-achomharc toisc é a bheith gan bunús go follasach agus d'ordaigh sí do Luís Miguel Novais a chostais féin a íoc.

---

**Achomharc arna thabhairt an 17 Deireadh Fómhair 2022 ag SB i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an tOchtú Dhlísheomra) a tugadh an 7 Meán Fómhair 2022 i gCás T-217/21, SB v eu-LISA**

**(Cás C-648/22 P)**

(2023/C 134/04)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Achomharcóir:* SB (ionadaí: H. Tagaras, dikigoros)

*Páirtí eile sna himeachtaí:* Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA)

Le hordú an 9 Márta 2023, dhíbh an Chúirt Bhreithiúnais (an Séú Dlísheomra) an t-achomharc toisc é a bheith, i bpáirt, do-ghlactha go follasach agus, i bpáirt, gan bhunús go follasach, agus d'ordaigh sí don achomharcóir a chostais féin a íoc.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Conseil d'État (an Bheilg) a taisceadh an 16 Eanáir 2023 – XXX v État Belge, dá ndéanann Secrétaire d'État à l'Asile et la Migration ionadaíocht**

**(Cás C-14/23, Perle)**

(2023/C 134/05)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Conseil d'État

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* XXX

*Cosantóir:* État Belge, dá ndéanann Secrétaire d'État à l'Asile et la Migration ionadaíocht

**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

1) I bhfianaise Airteagal 288 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, Airteagail 14 agus 52 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, Airteagail 3, 5, 7, 11, 20, 34, 35, agus 40 de Threoir (AE) 2016/801 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe náisiúnach tríú tíortha chun críoch taighde, staidéar, oiliúna, seirbhíse deonaí, scéimeanna malartaithe daltaí, tionscadal oideachais agus obair au pair (athmhúnlú) ([1]), agus aithrisí 2 agus 60 di, agus phrionsabail na deimhneachta dlíthiúla agus na trédhearcachta, an gcaithfear sainfhoráil a bheith déanta sa reachtaíocht don chumhacht chun an t-iarratas ar chónaí a dhiúltú, a bhronntar ar an mBallstát le hAirteagal 20(2)(f) den Treoir, chun go mbainfidh an Stát sin leas aisti? Más amhlaidh an cás, an gcaithfidh na forais dháiríre agus oibiachtúla a bheith sonraithe leis an reachtaíocht?

2) An gceanglaítear ar an mBallstát leis an scrúdú ar an iarratas ar víosa staidéir toilteanas agus mian an eachtrannaigh chun staidéir a dheimhniú, ó tharla go sainmhínítear an mac léinn in Airteagal 3 mar dhuine a ligtear isteach in institiúid ardoideachais agus go bhfuil na forais le diúltú dá bhforáiltear in Airteagal 20(2)(f) roghnach agus neamhcheangailteach, cosúil leo sin dá bhforáiltear in Airteagal 20(1) den Treoir?

3) An gceanglaítear le hAirteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha, le prionsabal na héifeachtachta agus le hAirteagal 34(5) de Threoir 2016/801 go ndéanfar an t-achomharc, dá bhforáiltear faoin dlí náisiúnta i gcoinne cinneadh lena ndiúltaítear d'iarraidh ar ligean isteach ar an gcríoch chun staidéir, go gceadófaí do chúirt a mheasúnú a chur in ionad ceann an údaráis riaracháin agus cinneadh an údaráis sin a leasú nó an leor athbhreithniú dlíthiúlachta lena gceadaítear do chúirt neamhdhleathacht a chinneadh, *inter alia*, earráid fhollasach mheasúnaithe, trí chinneadh an údaráis riaracháin a chur ar neamhní.

---

([1]) IO 2016, L 132, lch. 21

---

**Achomharc arna thabhairt an 15 Feabhra 2023 ag Trasta Komercbanka AS i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Naoú Dlísheomra) a tugadh an 30 Samhain 2022 i gCás T-698/16, Trasta Komercbanka agus páirtithe eile v BCE**

**(Cás C-90/23 P)**

(2023/C 134/06)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Achomharcóir:* Trasta Komercbanka AS (ionadaí: O. Behrends, Rechtsanwalt)

*Páirtithe eile sna himeachtaí:* an Banc Ceannais Eorpach (BCE), Poblacht na Laitvia, an Coimisiún Eorpach, Ivan Fursin, Igors Buimisters, C & R Invest SIA, Figon Co. Ltd, GCK Holding Netherlands BV, Rikam Holding SA

**An t-ordú atá á lorg**

Iarann an t-achomharcóir ar an gCúirt Bhreithiúnais:

— an breithiúnas atá faoi achomharc a chur ar ceal;

— a dhearbhú go bhfuil an Cinneadh ECB/SSM/2016-529900WIP0INFDAWTJ81/2 WOANCA-2016-0005 ó BCE an 11 Iúil 2016 ("an Cinneadh atá faoi chonspóid") maidir leis an achomharcóir ar neamhní;

— a ordú do BCE costais an achomharcóra maraon le costais an achomhairc seo a íoc, agus

— a mhéid nach bhfuil an Chúirt Bhreithiúnais in ann rialú a dhéanamh ar shubstaint an cháis, an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an achomharc, maíonn an t-achomharcóir trí shaincheist dlí.

An chéad saincheist dlí, lena n-éilítear go ndearna an Chúirt Ghinearálta roinnt earráidí maidir le saincheist ionadaíochta an achomharcóra, rud a scrúdaigh an Chúirt Bhreithiúnais (an Mór-Dhlísheomra) ina breithiúnas uaithi an 5 Samhain 2019, *BCE agus páirtithe eile* v *Trasta Komercbanka agus páirtithe eile* (C-663/17 P, C-665/17 P agus C-669/17 P, EU:C:2019:923).

Maíonn an t-achomharcóir gur dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta go hearráideach d'éileamh an achomharcóra maidir le mainneachtain BCE fógra a thabhairt don achomharcóir faoin gCinneadh atá faoi chonspóid ar an bhforas go ndearna an Chúirt Ghinearálta fíorais an cháis ina leith sin a shaobhadh agus gur bhain sí an bonn d'éifeachtaí chásdlí na Cúirte Breithiúnais i mír 72 dá breithiúnas uaithi an 8 Iúil 1999, *Hoechst* v *an Coimisiún* (C-227/92 P, EU:C:1999:360).

Ina theannta sin, maíonn an t-achomharcóir gur dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta go hearráideach d'éileamh an achomharcóra maidir le heaspa ionadaíochta an achomharcóra le linn an nós imeachta as ar tháinig an Cinneadh atá faoi chonspóid. Rinne an Chúirt Ghinearálta fíorais an cháis a shaobhadh trí mhainneachtain a chur san áireamh go luaitear go sainráite sa Chinneadh atá faoi chonspóid nach raibh baint ag an achomharcóir leis an nós imeachta ba bhun leis an gCinneadh atá faoi chonspóid agus, dar le BCE, nár ghá baint a bheith aige leis an nós imeachta.

Ar deireadh, maíonn an t-achomharcóir gur dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta go hearráideach d'éileamh an achomharcóra gur sáraíodh ceart an achomharcóra chun éisteacht a fháil agus eascraíonn an earráid sin freisin as mhainneachtain na Cúirte Ginearálta a chur san áireamh nach raibh baint ag an achomharcóir leis an nós imeachta ba chúis leis an gCinneadh atá faoi chonspóid.

An dara saincheist dlí, lena n-éilítear go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid sa chaoi ar léirmhínigh sí cinneadh ó BCE sular athbhreithnigh Bord Riaracháin Athbhreithnithe BCE ("ABoR"), ar thaobh amháin, agus cinneadh ó BCE tar éis athbhreithniú ó ABoR ar an taobh eile. I ndáil leis sin, maíonn an t-achomharcóir gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta an ionchas dlisteanach a bhí bunaithe aici ina hOrdú an 17 Samhain 2021, *Trasta Komercbanka* v *BCE* (T-247/16 RENV, nár foilsíodh EU:T:2021:809)

An tríú saincheist dlí, lena n-éilítear go ndiúltaíonn an Chúirt Ghinearálta go hearráideach do shárú líomhnaithe an achomharcóra ar Airteagal 24(7) de Rialachán 1024/2013 [1] trí bhreithniú go hearráideach go bhfuil cinneadh le héifeacht *ex tunc* beartaithe ag an bhforáil sin. Mheas an Coimisiún freisin go raibh an dearcadh seo ón gCúirt Ghinearálta earráideach (féach mír 37 d'Ordú an 17 Samhain 2021, *Trasta Komercbanka* v *BCE* (T-247/16 RENV, nár foilsíodh, EU:T:2021:809).

[1] Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 an 15 Deireadh Fómhair 2013 lena dtugtar cúraimí sonracha don Bhanc Ceannais Eorpach maidir le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa (IO 2013 L 287, lch. 63).

**Achomharc arna thabhairt an 21 Feabhra 2023 ag Firearms United Network, Tomasz Walter Stępień, Michał Budzyński agus Andrzej Marcjanik i gcoinne bhreithiúna sna Cúirte Ginearálta a tugadh an 21 Nollaig 2022 i gCás T-187/21, Firearms United Network agus páirtithe eile v an Coimisiún**

**(Cás C-105/23 P)**

(2023/C 134/07)

*Teanga an cháis: an Pholainnis*

**Páirtithe**

*Achomharcóirí:* Firearms United Network, Tomasz Walter Stępień, Michał Budzyński agus Andrzej Marcjanik (ionadaí: E. Woźniak, Dlíodóir)

*Páirtithe eile sna himeachtaí:* an Coimisiún Eorpach, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, Poblacht na Fraince, an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán

**An t-ordú atá á lorg**

— an breithiúnas faoi achomharc a chur ar ceal ina iomláine agus seasamh leis na tuairimí arna gcur le chéile ag na hiarratasóirí os comhair na Cúirte Ginearálta ina gcaingean;

— mar mhalairt air sin, an breithiúnas faoi achomharc a chur ar ceal ina iomláine agus an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta;

— a ordú don Choimisiún costais na n-imeachtaí achomhairc láithreacha agus na n-imeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

— sárú ar Airteagal 88(1) agus (2) arna léamh i gcomhar le hAirteagal 91(e) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta, ar Airteagal 19(1) agus (3)(a) CAE agus ar Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, sa mhéid nár chuir an Chúirt Ghinearálta san áireamh iarratas na n-iarratasóirí ar fhianaise a ghlacadh agus a riar i bhfoirm tuarascála saineolaí agus go raibh roinnt neamhrialtachtaí nós imeachta maidir le measúnú na fianaise mar aon le hearráidí sna cinntí a rinne sí sa bhreithiúnas faoi achomharc;

— measúnú earráideach ar an bhfianaise a cuireadh ar fáil i gcomhthéacs na caingne, rud a thug ar an gCúirt Ghinearálta a chinneadh go mícheart gur theip ar na hachomharcóirí agóid a dhéanamh i gcoinne na n-anailísí agus na ndearbhuithe a bhí mar bhun le tabhairt isteach, sa dhlíchóras, Rialachán (AE) 2021/57 ón gCoimisiún an 25 Eanáir 2021, lena leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), i dtaca le luaidhe in urchair ghunna i mbogaigh nó i ngiorracht dóibh [1];

— conclúid earráideach sa bhreithiúnas faoi achomharc gur toimhde infhrisnéise í an toimhde a bhunaítear i Rialachán (AE) 2021/57. Sonraíonn na hachomharcóirí nach mór, i ngach córas dlí atá bunaithe ar phrionsabal an smachta reachta, aon toimhde ar dócha go mbeidh iarmhairtí diúltacha aici do shaoránach a fhrisnéis. Mar sin, ní leor go mbeadh toimhde infhrisnéise dlíthiúil. Ina theannta sin, ní mór cúiseanna soiléire a thabhairt i gcónaí le toimhde a chur i bhfeidhm. Fágann an breithiúnas faoi achomharc ar lár, áfach, nach n-urramaítear le Rialachán (AE) 2021/57 an prionsabal sin agus nach léiríonn sé aon argóint a d'fhéadfadh a bheith ina forais dhlisteanach chun toimhde a chur i bhfeidhm a thugann oibleagáidí breise nós imeachta do shaoránach le tuiscint. Má chuirtear toimhdí i bhfeidhm ar bhealach nach ráthaítear go n-urramaítear cearta nós imeachta an tsaoránaigh, d'fhéadfadh sárú a bheith ann ar phrionsabal thoimhde na neamhchiontachta agus ar chearta na cosanta;

— i bhfianaise dhíbhe na Cúirte Ginearálta ar an gcaingean a tugadh i gcoinne Rialachán (AE) 2021/57 – rud a choinníonn an Rialachán sin i bhfeidhm in ndlíchóras an Aontais Eorpaigh – sárú ag an gCúirt Ghinearálta ar fhorálacha na Cairte um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, eadhon Airteagal 16, Airteagal 17(1), Airteagal 21(1), Airteagal 45(1), 48(1), agus Airteagal 52(1) di, chomh maith le sárú ar fhorálacha Chonradh AE, eadhon Airteagal 2, Airteagal 3(2) agus (3), agus Airteagal 5(2), (3) agus (4) de;

— mí-úsáid cumhachta tríd an achomharc a dhíbhe agus, mar thoradh air sin, forálacha Rialachán (AE) 2021/57 a choimeád i bhfeidhm sa dhlíchóras, as a leanann go praiticiúil gníomhaíochtaí lámhaigh sibhialtacha ar chríoch an Aontais Eorpaigh a theorannú go mór, rud a leanann as mainneachtain an Choimisiúin ina chur chuige toirmeasc a chur ar shealbhú arm tine ag daoine príobháideacha. I dtaca leis sin, de réir na n-achomharcóirí, Ní rannchuidítear le Rialachán (AE) 2021/57 le húsáid armlón luaidhe a shrianadh go ginearálta agus, le linn é sin a dhéanamh, ní bhaintear amach leis na cuspóirí ar glacadh é ina leith, ach is éard atá ann ach srian ar ghníomhaíochtaí lámhaigh sibhialtacha atá díréireach leis an sochair iarbhír a sholáthraítear leis.

(1) IO 2021 L 24, lch. 19.

# CHÚIRT GHINEARÁLTA

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 1 Márta 2023 – Hengshi Egypt Fiberglass Fabrics agus Jushi Egypt for Fiberglass Industry v an Coimisiún**

**(Cás T-301/20)** ([1])

***(Dumpáil – Allmhairí fabraicí snáithíní gloine fite agus/nó fuaite áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na hÉigipte – Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/492 – Dleacht frithdhumpála chinntitheach – Ríomh an ghnáthluacha – Airteagal 2(5) de Rialachán (AE) 2016/1036 – Earráid fhollasach measúnaithe – Díobháil – Ríomh an chorrlaigh shladghearrtha)***

(2023/C 134/08)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóirí:* Hengshi Egypt Fiberglass Fabrics SAE (Ain Soukhna, an Éigipt), Jushi Egypt for Fiberglass Industry SAE (Ain Soukhna) (ionadaithe: B. Servais agus V. Crochet, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: P. Němečková agus G. Luengo, Gníomhairí)

*Idiragraí, mar thaca leis an gcosantóir:* Tech-Fab Europe eV (Frankfurt am Main, an Ghearmáin) (ionadaithe: L. Ruessmann agus J. Beck, Dlíodóirí)

**Ábhar**

Trína gcaingean atá bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann na hiarratasóirí ar an gCúirt go ndéanfaí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/492 ón gCoimisiún an 1 Aibreán 2020 lena bhforchuirtear dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha ar allmhairí fabraicí snáithíní gloine fite agus/nó fuaite áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na hÉigipte (IO 2020 L 108, lch. 1) a neamhniú, a mhéid a bhaineann sé leo.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don achomharc.

2) Ordaítear do Hengshi Egypt Fiberglass Fabrics SAE agus Jushi Egypt for Fiberglass Industry SAE a gcostais féin, chomh maith leis na costais arna dtabhú ag an gCoimisiún Eorpach, a íoc.

3) Ordaítear do Tech-Fab Europe eV a chostais féin a íoc.

([1]) IO C 247, 27.7.2020.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 1 Márta 2023 – Hengshi Egypt Fiberglass Fabrics agus Jushi Egypt for Fiberglass Industry v an Coimisiún**

**(Cás T-480/20)** ([1])

***(Fóirdheontais – Allmhairí fabraicí snáithíní gloine fite nó fuaite áirithe de thionscnamh na Síne agus na hÉigipte – Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/776 – Dleacht frithchúitimh chinntitheach – Méid an fhóirdheontais a ríomh – Cuntasacht an fhóirdheontais – Cearta cosanta – Earráid fhollasach measúnaithe – Córas aistarraingthe dleacht allmhairiúcháin – Déileáil cánach le caillteanais malairte eachtraí – Corrlach sladghearrtha a ríomh)***

(2023/C 134/09)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóirí:* Hengshi Egypt Fiberglass Fabrics SAE (Ain Soukhna, an Éigipt), Jushi Egypt for Fiberglass Industry SAE (Ain Soukhna) (ionadaithe: B. Servais agus V. Crochet, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: P. Kienapfel, G. Luengo agus P. Němečková, i gcáil Gníomhairí)

*Idiragraí, mar thaca leis an gcosantóir:* Tech-Fab Europe eV (Frankfurt am Main, an Ghearmáin) (ionadaithe: L. Ruessmann agus J. Beck, Dlíodóirí)

## Ábhar

Lena gcaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann na h-iarratasóirí go gcuirfí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/776 ón gCoimisiún an 12 Meitheamh 2020, lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí fabraicí snáithíní gloine fite agus/nó fuaite áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na hÉigipte agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/492 ón gCoimisiún lena bhforchuirtear dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha ar allmhairí fabraicí snáithíní gloine fite agus/nó fuaite áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na hÉigipte (IO 2020 L 189, lch. 1), a mhéid a bhaineann sé leo, ar neamhní.

## An chuid oibríochtúil

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do Hengshi Egypt Fiberglass Fabrics SAE agus Jushi Egypt for Fiberglass Fabrics Industry SAE a gcostais féin, chomh maith leis na costais arna dtabhú ag an gCoimisiún Eorpach, a íoc.

3) Ordaítear do Tech-Fab Europe eV a chostais féin a íoc.

---

([1]) IO C 304, 14.9.2020.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 1 Márta 2023 – Jushi Egypt for Fiberglass Industry v an Coimisiún**

**(Cás T-540/20)** ([1])

***(Fóirdheontais – Allmhairí táirgí snáithíneach leanúnach gloine de thionscnamh na hÉigipte – Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/870 – Dleacht frithchúitimh chinntitheach agus bailiú cinntitheach den dleacht frithchúitimh shealadach – Cearta cosanta – Cuntasacht an fhóirdheontais – Earráid fhollasach measúnaithe – Córas aistarraingthe dleacht allmhairiúcháin – Déileáil cánach le caillteanais malairte eachtraí – Corrlach sladghearrtha a ríomh)***

(2023/C 134/10)

*Teanga an cháis: an Béarla*

## Páirtithe

*Iarratasóir:* Jushi Egypt for Fiberglass Industry SAE (Ain Soukhna, an Éigipt) (ionadaithe: B. Servais agus V. Crochet, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: P. Kienapfel, G. Luengo agus P. Němečková, i gcáil Gníomhairí)

*Idiragraí, mar thaca leis an gcosantóir:* Cumann Táirgeoirí Snáithín Gloine na hEorpa (APFE) (Ixelles, an Bheilg) (ionadaithe: L. Ruessmann agus J. Beck, Dlíodóirí)

## Ábhar

Lena chaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/870 ón gCoimisiún an 24 Meitheamh 2020, lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht frithchúitimh shealadach arna forchur ar tháirgí de shnáithín gloine filiméadach leanúnach de thionscnamh na hÉigipte, agus lena ndéantar an dleacht frithchúitimh chinntitheach a thobhach ar allmhairí cláraithe táirgí de shnáithín gloine filiméadach leanúnach de thionscnamh na hÉigipte (IO 2020 L 201, lch. 10), a mhéid a bhaineann sé leis, ar neamhní.

## An chuid oibríochtúil

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do Jushi Egypt for Fiberglass Industry SAE a chostais féin, chomh maith leis na costais arna dtabhú ag an gCoimisiún Eorpach, a íoc.

3) Ordaítear do Chumann Táirgeoirí Snáithín Gloine na hEorpa (APFE) a chostais féin a íoc.

---

([1]) IO C 378, 9.11.2020.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 15 Feabhra 2023 – RH v an Coimisiún**

**(Cás T-175/21)** ([1])

***(Ionstraim um chúnamh réamhaontachais – An Rialachán Airgeadais – Imscrúdú de chuid OLAF – Cinneadh ón gCoimisiún lena ngearrtar pionóis riaracháin – Eisiamh ó imeachtaí dámhachtana conarthaí poiblí agus deontais arna maoiniú le buiséad ginearálta an Aontais agus CEF – Clárú i mbunachar sonraí an chórais luathbhraite agus eisiata – Mí-iompar gairmiúil tromchúiseach – Earráid fhollasach mheasúnaithe – Dliteanas neamhchonarthach – Sárú atá sách tromchúiseach ar riail dlí lena ndeonaítear cearta do dhaoine aonair)***

(2023/C 134/11)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* RH (ionadaí: L. Levi, Dlíodóir)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: J.Estrada de Solà, P. Rossi agus R. Pethke, Gníomhairí)

**Ábhar**

Trína chaingean, iarrann an t-iarratasóir, sa chéad áit, ar bhonn Airteagal 263 CFAE, go gcuirfí ar neamhní an cinneadh ón gCoimisiún Eorpach an 18 Feabhra 2021 lena n-eisiatar í ó pháirt a ghlacadh i nósanna imeachta dámhachtana conarthaí poiblí agus deontais mar chuid de bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh agus den 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta mar aon le páirt a ghlacadh i nósanna imeachta dámhachtana cistí i gcomhthéacs Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 agus in nósanna imeachta maidir le páirt a ghlacadh in imeachtaí dámhachtana cistí faoin gCiste Eorpach Forbraíochta a rialaítear le Rialachán (AE) 2018/1877 agus, sa dara háit, ar bhonn Airteagal 268 CFAE, cúiteamh as an damáiste a bhain di mar thoradh air sin.

**An chuid oibríochtúil**

(1) Cuirtear ar neamhní an cinneadh ón gCoimisiún Eorpach an 18 Feabhra 2021 lena n-eisiatar RH ó pháirt a ghlacadh i nósanna imeachta dámhachtana conarthaí poiblí agus deontais mar chuid de bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh agus den aonú Ciste Eorpach Forbraíochta déag mar aon le páirt a ghlacadh i nósanna imeachta dámhachtana cistí i gcomhthéacs Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 agus i nósanna imeachta maidir le páirt a ghlacadh i nósanna imeachta dámhachtana cistí faoin gCiste Eorpach Forbraíochta a rialaítear le Rialachán (AE) 2018/1877;

(2) Diúltaítear don chuid eile den chaingean;

(3) Íocfaidh gach páirtí as a chostais féin.

---

([1]) IO C 206, 31.5.2021.

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 1 Márta 2023 – Harley-Davidson Europe agus Neovia Logistics Services International v an Coimisiún**

**(Cás T-324/21)** [1]

***(Aontas Custaim – Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 – Tionscnamh neamhfhabhrach gluaisrothar áirithe arna monarú ag Harley-Davidson a chinneadh – Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún lena n-iarrtar go ndéanfar cinntí maidir le faisnéis cheangailteach i leith tionscnaimh arna nglacadh ag na húdaráis chustaim náisiúnta a chúlghairm – An coincheap "oibriú nó próiseáil nach bhfuil údar eacnamaíoch leo" – An ceart chun éisteacht a fháil)***

(2023/C 134/12)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóirí:* Harley-Davidson Europe Ltd (Oxford, an Ríocht Aontaithe), Neovia Logistics Services International (Vilvoorde, an Bheilg) (ionadaithe: O. van Baelen, G. Lebrun, Dlíodóirí, agus T. Lyons, KC)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: F. Clotuche-Duvieusart agus M. Kocjan, i gcáil Gníomhairí)

**Ábhar**

Leis an gcaingean seo atá bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann na hiarratasóirí ar an gCúirt Ghinearálta Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/563 ón gCoimisiún an 31 Márta 2021 maidir le bailíocht cinntí áirithe maidir le faisnéis cheangailteach i leith tionscnaimh (IO 2021 L 119, lch. 117, atá dírithe chuig Ríocht na Beilge, a chur ar neamhní. Leis an gcinneadh sin, d'iarr an Coimisiún Eorpach go gcúlghairfí dhá chinneadh maidir le faisnéis cheangailteach i leith tionscnaimh, arna nglacadh i bhfábhar Neovia thar cheann Harley-Davidson, maidir le catagóirí áirithe gluaisrothair arna monarú ag Harley-Davidson sa Téalainn a allmhairiú isteach san Aontas Eorpach, tríd an mBeilg.

**An chuid oibríochtúil**

1) Déantar an chaingean a dhíbhe.

2) Ordaítear do Harley-Davidson Europe Ltd agus do Neovia Logistics Services International na costais a íoc.

[1] IO C 297, 26.7.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 1 Márta 2023 – Worldwide Brands v EUIPO – Wan (CAMEL)**

**(Cás T-552/21)** [1]

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí cúlghairme – Focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh CAMEL – Fianaise a cuireadh isteach den chéad uair os comhair an Bhoird Achomhairc – Airteagal 95(2) de Rialachán (AE) 2017/1001 – Airteagal 27(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/625 – Fíorúsáid an trádmhairc – Airteagal 58(1)(a) de Rialachán 2017/1001 – Easpa measúnú ar fhianaise áirithe a cuireadh isteach)***

(2023/C 134/13)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Worldwide Brands, Inc. Zweigniederlassung Deutschland (Köln, an Ghearmáin) (ionadaithe: J. L. Gracia Albero, R. Ahijón Lana agus B. Tomás Acosta, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: R. Raponi agus D. Hanf, i gcáíl Gníomhairí)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO, ag idiragairt os comhair na Cúirte Ginearálta:* Eric Guangyu Wan (Vancouver, British-Colombia, Ceanada) (ionadaithe: V. Piccarreta agus G. Romanelli, Dlíodóirí)

**Ábhar**

Lena chaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfaí an cinneadh ón gCéad Bhord Achomhairc de Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 5 Iúil 2021 (Cás R 1548/2020-1) a neamhniú.

**An chuid oibríochtúil**

1) Déantar an cinneadh ón gCéad Bhord Achomhairc de Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 5 Iúil 2021 (Cás R 1548/2020-1) a neamhniú a mhéid a choinnítear leis clárú an trádmhairc de chuid an Aontais Eorpaigh i leith "léinte";

2) Ordaítear do EUIPO a chostais féin, agus iad siúd arna dtabhú ag Worldwide Brands Inc. Zweigniederlasde Deutschland le linn na n-imeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta, a íoc;

3) Ordaítear do Eric Guangyu Wan a chostais féin arna dtabhú le linn na n-imeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta a íoc.

(1) IO C 431, 25.10.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 1 Márta 2023 – Canai Technology v EUIPO – Trend Fin (HE&ME)**

**(Cás T-25/22)** [1]

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí freasúra – Clárú idirnáisiúnta lena n-ainmnítear an tAontas Eorpach – Marc fíortha "HE&ME" – Focalmharc Benelux níos luaithe "ME" – Foras coibhneasta le diúltú – Cosúlacht na gcomharthaí – Carachtar lag sainiúil an mhairc níos luaithe – Baol mearbhaill – Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001))***

(2023/C 134/14)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Canai Technology Co. Ltd (Guangzhou, an tSín) (ionadaithe: J. F. Gallego Jiménez, E. Sanz Valls, P. Bauzá Martínez, Y. Hernández Viñes agus C. Marí Aguilar, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaí: J. Ivanauskas, Gníomhaire)

*Páirtí eile os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO, ag idiragairt os comhair na Cúirte Ginearálta:* Trend Fin BV (Utrecht, an Ísiltír) (ionadaithe: F. Folmer, L. Bekke agus T. de Haan, Dlíodóirí)

**Ábhar:**

Lena chaingean atá bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfear an Cinneadh ón gCéad Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 16 Samhain 2021 (Cás R 1390/2020-1) ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do Canai Technology Co. Ltd na costais a íoc.

(1) IO C 95, 28.2.2022.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 1 Márta 2023 – Romedor Pharma v EUIPO – Perfect Care Distribution (PERFECT FARMA CERVIRON)**

**(Cás T-36/22)** (1)

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí cúlghairme – Marc Fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh "PERFECT FARMA CERVIRON" – Marc náisiúnta neamhchláraithe níos luaithe "CERVIRON" – Foras coibhneasta le neamhbhailíocht – Airteagail 8(4) agus 53(1)(c) de Rialachán (CE) 207/2009 (dá ngairtear Airteagail 8(4) agus 60(1)(c) de Rialachán (AE) 2017/1001))***

(2023/C 134/15)

*Teanga an cháis: an Rómáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Romedor Pharma SRL (Focşani, an Rómáin) (ionadaí: E.-M. Dicu, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: R. Manea agus E. Markakis, Gníomhairí)

*Páirtí eile os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO, ag idiragairt os comhair na Cúirte Ginearálta:* Perfect Care Distribution SRL (Búcairist, an Rómáin) (ionadaí: R. Pop, Dlíodóir)

**Ábhar:**

Lena chaingean atá bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfear an Cinneadh ón Dara Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 17 Samhain 2021 (Cás R 522/2021-2) ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do Romedor Pharma SRL a chostais féin a íoc agus na costais sin arna dtabhú ag Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) a íoc;

3) Ordaítear do Perfect Care Distribution SRL a chostais féin a íoc.

(1) IO C 138, 28.3.2022.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 1 Márta 2023 – Romedor Pharma v EUIPO – Perfect Care Distribution (Cerviron)**

**(Cás T-37/22)** (1)

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí neamhbhailíochta – Focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh "Cerviron" – Marc náisiúnta neamhchláraithe níos luaithe "CERVIRON" – Foras coibhneasta le neamhbhailíocht – Airteagal 8(4) agus Airteagal 60(1)(c) de Rialachán (CE) 2017/2001))***

(2023/C 134/16)

*Teanga an cháis: an Rómáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Romedor Pharma SRL (Focşani, an Rómáin) (ionadaí: E.-M. Dicu, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: R. Manea agus E. Markakis, Gníomhairí)

*Páirtí eile os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO, ag idiragairt os comhair na Cúirte Ginearálta:* Perfect Care Distribution SRL (Búcairist, an Rómáin) (ionadaí: R. Pop, Dlíodóir)

**Ábhar:**

Lena chaingean atá bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfear an Cinneadh ón Dara Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 17 Samhain 2021 (Cás R 520/2021-2) ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do Romedor Pharma SRL a chostais féin a íoc agus na costais sin arna dtabhú ag Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) a íoc.

3) Ordaítear do Perfect Care Distribution SRL a chostais féin a íoc.

---

([1]) IO C 138, 28.3.2022.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 1 Márta 2023 – Romedor Pharma v EUIPO – Perfect Care Distribution (CERVIRON perfect care)**

**(Cás T-38/22)** ([1])

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí neamhbhailíochta – Focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh "CERVIRON perfect care" – Marc náisiúnta neamhchláraithe níos luaithe "CERVIRON" – Foras coibhneasta le neamhbhailíocht – Airteagal 8(4) agus Airteagal 60(1)(c) de Rialachán (CE) 2017/2001))***

(2023/C 134/17)

*Teanga an cháis: an Rómáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Romedor Pharma SRL (Focşani, an Rómáin) (ionadaí: E.-M. Dicu, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: R. Manea agus E. Markakis, Gníomhairí)

*Páirtí eile os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO, ag idiragairt os comhair na Cúirte Ginearálta:* Perfect Care Distribution SRL (Búcairist, an Rómáin) (ionadaí: R. Pop, Dlíodóir)

**Ábhar:**

Lena chaingean atá bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfear an Cinneadh ón Dara Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 17 Samhain 2021 (Cás R 521/2021-2) ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do Romedor Pharma SRL a chostais féin a íoc agus na costais sin arna dtabhú ag Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) a íoc.

3) Ordaítear do Perfect Care Distribution SRL a chostais féin a íoc.

(1) IO C 138, 28.3.2022.

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 1 Márta 2023 – Transgourmet Ibérica v EUIPO – Aldi (Gourmet)**

**(Cás T-102/22)** (1)

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí neamhbhailíochta – Marc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh “Gourmet” – Focalmharc náisiúnta níos luaithe “GOURMET” – Foras coibhneasta le neamhbhailíocht – Saintréith an trádmhairc níos luaithe – Fíorúsáid an trádmhairc níos luaithe – Cruth atá difriúil i ndúile a athraíonn sainiúlacht))***

(2023/C 134/18)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir*: Transgourmet Ibérica, SAU (Girona, an Spáinn) (ionadaithe: C. Duch Fonoll agus I. Osinaga Lozano, Dlíodóirí)

*Cosantóir*: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: E. Nicolás Gómez agus D. Gája, Gníomhairí)

*Páirtí eile os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO*: Aldi GmbH & Co. KG (Mülheim an der Ruhr, an Ghearmáin)

**Ábhar:**

Lena chaingean atá bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfear an Cinneadh ón Dara Bord Achomhairc d’Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 14 Nollaig 2021 (Cás R 862/2021-2) ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1) Cuirtear Cinneadh ón Dara Bord Achomhairc d’Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 14 Nollaig 2021 (Cás R 862/2021-2) ar neamhní.

2) Diúltaítear don chuid eile don chaingean.

3) Ordaítear d’EUIPO a chostais féin a íoc agus na costais sin arna dtabhú ag Transgourmet Ibérica, SAU a íoc.

(1) IO C 165, 19.4.2022.

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 1 Márta 2023 – Lifestyle Equities v EUIPO – Greenwich Polo Club (GREENWICH POLO CLUB GPC 2002)**

**(Cás T-217/22)** (1)

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí maidir le neamhbhailíocht – Marc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh “GREENWICH POLO CLUB GPC 2002” – Marc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh “BEVERLY HILLS POLO CLUB” roimhe seo – Foras coibhneasta le neamhbhailíocht – Éagmais baoil mhearbhaill – Éagmais cosúlachta idir na táirgí – Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 40/94 (Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 anois))***

(2023/C 134/19)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Lifestyle Equities CV (Amstelveen, an Ísiltír) (ionadaí: S. Terpstra, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: T. Klee agus T. Frydendahl, Gníomhairí)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO:* Greenwich Polo Club, Inc. (Greenwich, Connecticut, Stáit Aontaithe Mheiriceá)

### Ábhar

Lena chaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go neamhneofaí an Cinneadh ón gCeathrú Bhord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 9 Feabhra 2022 (Cás R 1063/2021-4).

### An chuid oibríochtúil

(1) Diúltaítear don chaingean.

(2) Ordaítear do Lifestyle Equities CV agus d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) a gcostais féin a íoc.

---

([1]) IO C 237, 20.6.2022.

---

## Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 1 Márta 2023 – Crush Series Publishing v EUIPO – Mediaproduccion (The Crush Series)

**(Cás T-295/22)** ([1])

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí freasúra – Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh "The Crush Series" – Marc fíortha níos luaithe de chuid an Aontais Eorpaigh CRUSH – Foras coibhneasta le diúltú – Baol mearbhaill – Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001))***

(2023/C 134/20)

*Teanga an cháis: an Béarla*

### Páirtithe

*Iarratasóir:* Crush Series Publishing s.r.o. (Prág, Poblacht na Seice) (ionadaí: D.-M. Belciu, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: L. Lapinskaitė agus J. Ivanauskas, Gníomhairí)

*Páirtí eile os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO:* Mediaproduccion SLU (Barcelona, an Spáinn)

### Ábhar:

Lena chaingean atá bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfear an Cinneadh ón gCúigiú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 15 Márta 2022 (Cás R 1303/2021-5) ar neamhní agus a athrú.

### An chuid oibríochtúil

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do Crush Series Publishing s.r.o na costais a íoc.

---

([1]) IO C 257, 4.7.2022.

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 15 Feabhra 2023 – Deutsche Bank v EUIPO – Operación y Auditoria (avanza Tu negocio)**

**(Cás T-341/22)** ([1])

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí freasúra – Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh “avanza Tu negocio” – Marc fíortha náisiúnta de chuid an Aontais Eorpaigh “Avanza Credit de Deutsche Bank” roimhe seo – Foras coibhneasta le diúltú – Éagmais baoil mearbhaill – Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001)***

(2023/C 134/21)

*Teanga an cháis: an Spáinnis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Deutsche Bank, SA Española (Maidrid, an Spáinn) (ionadaithe: I. Valdelomar Serrano, J. L. Rodriguez Fuensalida, P. Ramells Higueras agus A. Figuerola Moure, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaí: R. Raponi, Gníomhaire)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO:* Operación y Auditoria, SA de CV, SOFOM, ENR (Cathair Mheicsiceo, Meicsiceo)

**Ábhar**

Lena chaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir, go bunúsach, go neamhneofaí agus go n-athrófaí an cinneadh ón gCúigiú Bord Achomhairc d’Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 23 Márta 2022 (Cás R 1808/2021-5), maidir le himeachtaí freasúra idir an t-iarratasóir agus Operación y Auditoria, SA de CV, SOFOM, ENR.

**An chuid oibríochtúil**

(1) Diúltaítear don chaingean.

(2) Ordaítear do Deutsche Bank, SA Española na costais a íoc.

([1]) IO C 294, 1.8.2022.

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 17 Feabhra 2023 – Hansol Paper v an Coimisiún**

**(Cás T-693/20)** ([1])

***(Dumpáil – Allmhairí páipéar teirmeach trom áirithe de thionscnamh na Cóiré Theas – Dleacht frithdhumpála chinntitheach – Rialachán (AE) 2016/1036 – Díolacháin trí chomhlachtaí gaolmhara – Comhdhéanamh an phraghais onnmhairiúcháin – Díobháil do thionscal an Aontais – Sladghearradh na bpraghsanna a ríomh – Corrlach díobhála a ríomh – Caingean gan bhunús sa dlí go follasach)***

(2023/C 134/22)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Hansol Paper Co. Ltd (Súl, an Chóiré Theas) (ionadaithe: B. Servais agus V. Crochet, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: K. Blanck agus G. Luengo, i gcáil Gníomhairí)

*Idiragraí, mar thaca leis an gcosantóir:* European Thermal Paper Association (ETPA) (Zurich, an Eilvéis) (ionadaithe: H. Hobbelen agus B. Vleeshouwers, Dlíodóirí)

**Ábhar**

Lena chaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1524 ón gCoimisiún an 19 Deireadh Fómhair 2020, lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí páipéar teirmeach trom áirithe de thionscnamh Phoblacht na Cóiré (IO 2020 L 346, lch. 19), a mhéid a bhaineann sé leis, ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don chaingean toisc í a bheith gan bhunús sa dlí go follasach.

2) Ordaítear do Hansol Paper Co. Ltd na costais a íoc.

(1) IO C 19, 18.1.2021.

---

**Caingean arna tabhairt an 12 Feabhra 2023 – ABLV Bank v BCE agus BRA**

**(Cás T-71/23)**

(2023/C 134/23)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* ABLV Bank AS (Ríge, an Laitvia) (ionadaí: O. Behrends, Dlíodóir)

*Cosantóirí:* an Banc Ceannais Eorpach, an Bord Réitigh Aonair

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— a dhearbhú go bhfuil na cosantóirí faoi dhliteanas go comhpháirteach agus go leithleach i leith an damáiste arna tharlú don iarratasóir mar thoradh ar scor a ghnó féin agus gnó a fhochuideachta i Lucsamburg;

— a ordú go comhpháirteach agus go leithleach do na cosantóirí an t-iarratasóir a chúiteamh ar an damáiste sin;

— a chinneadh gurb ionann luach an damáiste ábhartha agus EUR 414 691 000 ar a laghad, móide ús mainneachtana ó dháta tabhartha an bhreithiúnais go dtí go n-íocfar ina iomláine é;

— a ordú do na cosantóirí costais an iarratasóra a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir trí shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear gur sháraigh iompar na gcosantóirí rialacha dlí a bhí ceaptha cearta a bhronnadh ar an iarratasóir ar chaoi dháiríre, atá tromchúiseach a dhóthain, agus go ndearnadh damáiste don iarratasóir mar thoradh díreach ar na gníomhartha sin.

   — Éilítear gur sháraigh na cosantóirí teorainneacha a gcumhachtaí agus gur chuir siad isteach ar inniúlacht na gcúirteanna náisiúnta trí fhoirceannadh an iarratasóra agus a fhochuideachta i Lucsamburg a dhearbhú faoina ndlí náisiúnta féin, faoi seach;

   — Áitíonn an t-iarratasóir gur ghníomhaigh na cosantóirí gan aon bhunús dlí ná bunús substainteach;

   — Dar leis an iarratasóir, sháraigh na cosantóirí na hoibleagáidí faoina bhfuil siad gníomhú go dleathach, go háirithe i gcás ina mbíonn agóid sheachtrach ag tríú tír i ndlíchóras Ballstáit.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear gur fhulaing an t-iarratasóir caillteanas airgeadais de dheasca fhoirceannadh d'éigean a ghnó agus gnó a fhochuideachta i Lucsamburg.

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear gur chothaigh iompar na gcosantóirí an scor d'éigean ar ghnó an iarratasóra agus ar ghnó a fhochuideachta i Lucsamburg. Ba chéim dhosheachanta é an féinleachtú a lean chun an damáiste a mhaolú.

---

**Caingean arna tabhairt an 26 Feabhra 2023 – SBK Art v an Chomhairle**

**(Cás T-102/23)**

(2023/C 134/24)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* SBK Art OOO (Moscó, an Rúis) (ionadaithe: G. Lansky agus P. Goeth, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— neamh-infheidhmeacht na míre deiridh d'Airteagal 2(1) de Chinneadh Uimh. 2014/145/CBES ([1]) ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2022/2477 ([2]) ón gComhairle, agus de bhun Airteagal 3(1), an mhír dheiridh de Rialachán (AE) 269/2014 ([3]) ón gComhairle, arna leasú le Rialachán (AE) 2022/1905 ([4]) ón gComhairle a dhearbhú, de bhun Airteagail 263, 275(2) agus 277 CFAE;

— sa bhreis ar an méid thuas, nó go neamhspleách air, i gcomhréir le hAirteagal 263 CFAE, Cinneadh (CBES) 2022/2477 ón gComhairle an 16 Nollaig 2022, lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES maidir le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, chomh maith le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2476 ([5]) ón gComhairle an 16 Nollaig 2022, lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 maidir le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin a chur ar neamhní, a mhéid a bhaineann na gníomhartha sin leis an iarratasóir;

— a ordú don Chomhairle na costais a íoc de bhun Airteagal 134 de na Rialacha Nós Imeachta.

**Saincheisteanna dlí arna maíomh**

Mar thaca leis an gcaingean de bhun Airteagail 263 agus 277 CFAE, maíonn an t-iarratasóir go bhfuil na gníomhartha atá faoi chonspóid neamhbhailí mar thoradh i) ar chur i bhfeidhm dhlí tánaisteach an Aontais lena sáraítear na Conarthaí agus an smacht reachta, ii) ar shárú neamhdhleathach ar chearta nóis imeachta an iarratasóra, iii) ar neamhréireacht, iv) ar earráid mheasúnaithe, agus v) ar shárú neamhdhleathach ar an oibleagáid cúiseanna a lua; ionas nach mór na critéir maidir le liostú atá faoi chonspóid a fhágáil gan feidhm agus nach mór na gníomhartha atá faoi chonspóid a chur ar neamhní a mhéid a bhaineann siad leis an iarratasóir.

([1]) IO 2014, L 78, lch. 16.
([2]) IO 2022, L 322I, lch. 466.
([3]) IO 2014, L 78, lch. 6.
([4]) IO 2022, L 259I, lch. 76.
([5]) IO 2022, L 322I, lch. 318.

---

**Caingean arna tabhairt an 28 Feabhra 2023 – Iceland Foods v EUIPO – Íslandsstofa (Promote Iceland) agus páirtithe eile (ICELAND)**

**(Cás T-105/23)**

(2023/C 134/25)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Iceland Foods Ltd (Deeside, an Ríocht Aontaithe) (ionadaí: G. Vos, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Íslandsstofa (Promote Iceland) (Reykjavik, an Íoslainn) Iceland, SA – Business Iceland (Reykjavik)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Dílseánach an trádmhairc faoi cheist:* Iarratasóir os comhair na Cúirte Ginearálta

*Trádmharc atá faoi cheist:* Focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh "ICELAND" – Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Uimh. 2 673 374

*Nós imeachta os comhair EUIPO*: Imeachtaí cealaithe

*Cinneadh atá faoi chonspóid:* Cinneadh ó Ard-Bhord Achomhairc de EUIPO an 15 Nollaig 2022 i gCás R 1238/2019-G

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— an cás a tharchur ar ais chuig an Rannán Cealúcháin;

— a ordú do EUIPO costais an iarratais seo a íoc agus a ordú do Íslandsstofa (Promote Iceland), Aireacht Gnóthaí Eachtracha na hÍoslainne agus SA – Business Iceland costais na n-imeachtaí os comhair an Rannáin Cealúcháin agus an Bhoird Achomhairc a íoc.

**Saincheisteanna dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 7(1)(c) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

— Sárú ar Airteagal 7(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 28 Feabhra 2023 – Iceland Foods v EUIPO – Icelandic Trademark (Iceland)**

**(Cás T-106/23)**

(2023/C 134/26)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Iceland Foods Ltd (Deeside, an Ríocht Aontaithe) (ionadaí: G. Vos, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Icelandic Trademark Holding ehf (Reykjavik, an Íoslainn)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Dílseánach an trádmhairc faoi cheist:* Iarratasóir os comhair na Cúirte Ginearálta

*Trádmharc atá faoi cheist:* Marc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh "Iceland" agus na dathanna bán, dearg, oráiste agus buí air – Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Uimh. 11 565 736

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí cealaithe

*Cinneadh atá faoi chonspóid:* Cinneadh ón Ard-Bhord Achomhairc de EUIPO an 15 Nollaig 2022 i gCás R 1613/2019-G

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— an cás a tharchur ar ais chuig an Rannán Cealúcháin;

— a ordú do EUIPO costais an iarratais seo a íoc agus a ordú do Icelandic Trademark Holding ehf costais na n-imeachtaí os comhair an Rannáin Cealúcháin agus an Bhoird Achomhairc a íoc.

**Saincheist dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 7(1)(c) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

— Sárú ar Airteagal 7(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 28 Feabhra 2023 – Myforest Foods v EUIPO (MYBACON)**

**(Cás T-107/23)**

(2023/C 134/27)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Myforest Foods Co. (Delaware, Stáit Aontaithe Mheiriceá) (ionadaí: P. Martini-Berthon, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar fhocalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh “MYBACON” – Iarratas ar chlárú Uimh. 18 546 358

*Cinneadh atá faoi chonspóid:* Cinneadh ón gCúigiú Bord Achomhairc de EUIPO an 19 Nollaig 2022 i gcás R 1201/2022-5

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní ina iomláine;

— a ordú do EUIPO na costais arna dtabhú ag an iarratasóir a íoc, lena n-áirítear costais na n-imeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc.

**Saincheisteanna dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 7(1)(g) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

— Sárú ar Airteagal 94(1) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

— Sárú ar Airteagal 95(1) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 2 Márta 2023 – Konings v EUIPO – Manuel Busto Amandi (MAY GOLD)**

**(Cás T-112/23)**

(2023/C 134/28)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Konings NV (Zonhoven, an Bheilg) (ionadaithe: K. Neefs, S. de Potter agus T. Baetens, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Manuel Busto Amandi, SA (Villaviciosa, an Spáinn)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Dílseánach an trádmhairc faoi cheist:* Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

*Trádmharc atá faoi cheist:* Focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh ina bhfuil gnéithe focail "MAY GOLD" – Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Uimh. 9 103 268

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí cealaithe

*Cinneadh atá faoi chonspóid:* Cinneadh ón gCeathrú Bord Achomhairc de EUIPO an 28 Samhain 2022 i gCás R 1778/2021-4

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní a mhéid is gur sheas sé le cinneadh an Rannáin Cealaithe diúltú do chaingean an iarratasóra chun an trádmharc a chúlghairm do "Deochanna neamhalcólacha, eadhon deochanna sú torthaí súilíneacha neamhalcólacha; deochanna torthaí agus súnna torthaí", ar earraí iad in Aicme 32 de Chomhaontú Nice;

— a ordú do EUIPO na costais a íoc, nó i gcás idirghabhála ag an bpáirtí eile sna himeachtaí, a ordú don pháirtí eile agus do EUIPO na costais arna dtabhú ag an iarratasóir a íoc i gcomhpháirt.

**Saincheisteanna dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 41(2)(c) den Chairt agus ar Airteagail 18, 58(1)(a) agus 94 de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

— Sárú ar Airteagal 41(2)(a) den Chairt, ar Airteagail 70(2) agus 94(1) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus ar Airteagal 26(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/625 ón gCoimisiún;

— Sárú ar Airteagail 18, 58(1)(a) agus 94 de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus ar Airteagal 55(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/625 ón gCoimisiún.

**Caingean arna tabhairt an 3 Márta 2023 – Kantstraße Paris Bar v EUIPO – Superstudio21 (Bar Paris)**

**(Cás T-117/23)**

(2023/C 134/29)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Kantstraße Paris Bar GmBH (Beirlín, an Ghearmáin) (ionadaithe: U. Hildebrandt agus A. Wulff, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Superstudio21 GmbH (Köln, an Ghearmáin)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Iarratasóir an trádmhairc faoi cheist:* Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

*Trádmharc atá faoi cheist:* Clárú an mhairc fhíortha de chuid an Aontais Eorpaigh "Bar Paris" – Iarratas ar chlárú Uimh. 18 088 718

*Nós imeachta os comhair EUIPO*: Imeachtaí freasúra

*Cinneadh atá faoi chonspóid:* Cinneadh ón gCúigiú Bord Achomhairc de EUIPO an 21 Nollaig 2022 i gCás R 299/2022-5

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO na costais a íoc.

**Saincheist dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

**Caingean arna tabhairt an 3 Márta 2023 – House of Prince v EUIPO – Biały (AROMA KING)**

**(Cás T-118/23)**

(2023/C 134/30)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* House of Prince A/S (Cóbanhávan, an Danmhairg) (ionadaithe: I. Fowler, I. Junkar agus B. Worbes, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Andrzej Biały (Myszków, an Pholainn)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Iarratasóir an trádmhairc faoi cheist:* Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh "AROMA KING" – Iarratas ar chlárú Uimh. 18 285 909

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí freasúra

*Cinneadh atá faoi chonspóid:* Cinneadh ón gCéad Bhord Achomhairc de EUIPO an 21 Nollaig 2022 i gCás R 777/2022-1

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO agus, i gcás idirghabhála ag an bpáirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc, don idirghabhálaí na costais a íoc.

**Saincheist dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 5 Márta 2023 — UJ agus páirtithe eile v an Coimisiún**

**(Cás T-120/23)**

(2023/C 134/31)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**Páirtithe**

*Iarratasóirí:* UJ agus 12 iarratasóirí eile (ionadaí: M. Velardo, Dlíodóir)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann na hiarratasóirí ar an gCúirt Ghinearálta:

— Bearta an 5 Bealtaine 2022 gan na hiarratasóirí a chur ar an liosta ionadaithe do Chomórtas EPSO/AD/380/19-AD7 agus EPSO AD/380/19-AD9 a chur ar neamhní;

— Bearta an 7 Iúil 2022 lena ndiúltaítear don iarraidh ar athbhreithniú ar an liosta ionadaithe i gComórtas EPSO/AD/380/19-AD7 agus EPSO AD/380/19-AD9 na n-iarratasóirí UJ, UL, UM agus UU a chur ar neamhní;

— Bearta an údaráis ceapacháin (AIPN) an 5 Samhain 2022 a chur ar neamhní, arna dhéanamh go samhailteach tar éis tost na hOifige Eorpaí um Roghnú Foirne (EPSO) ar feadh níos mó ná ceithre mhí, lenar ndiúltaíodh don achomharc chomhpháirteach na n-iarratasóirí faoi Airteagal 90 (II) de na Rialacháin Foirne ("na Rialacháin Foirne"); agus

— A ordú don Choimisiún na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir seacht saincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear gur sáraíodh na forálacha dlí lena rialaítear an córas teanga sna hinstitiúidí Eorpacha. Nuair a rinneadh an triail scríofa agus an triail ó bhéal i dteanga eile seachas a máthairtheanga (Béarla agus Fraincis), níorbh fhéidir measúnú ceart a dhéanamh ar a gcumas, toisc go raibh leibhéal a n-eolais teanga mar choinníoll freisin. Mar thoradh air sin sáraíodh Airteagal 27 de na Rialacháin Foirne freisin.

2. An dara saincheist dlí, lena n-éilítear gur sáraíodh prionsabal na córa comhionainne idir na hiarrthóirí, nach ndearnadh measúnú oibiachtúil ar iarrthóirí (cás *Glantenay*) agus gur sáraíodh Airteagal 5(1) agus (3) d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis na Rialacháin Foirne. Rinne cuid acu na trialacha scríofa arís agus arís eile, rud a chuir leibhéal deacrachta i bhfad níos ísle i láthair. Athraíodh an chomparáid idir na hiarrthóirí le linn thrialacha an ionaid measúnaithe toisc nár dheimhnigh an bord roghnúcháin fírinneacht na ráiteas sa Talent Screener roimhe sin.

3. An tríú saincheist dlí, lena n-éilítear gur sáraíodh an oibleagáid cúiseanna a lua agus ar phrionsabal gaolmhar chomhionannas na bpáirtithe sna himeachtaí (Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha), toisc nach raibh na hiarratasóirí in ann na cúiseanna iomlána a bhí lena n-eisiamh ón gcomórtas a fháil amach sular tionscnaíodh an chaingean. Mar thoradh air sin, sáraíodh prionsabal cothrom na féinne sa phróiseas freisin.

4. An ceathrú saincheist dlí, lena n-éilítear gur sáraíodh Airteagail 5, V, VI, Iarscríbhinn III a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, sa mhéid nár chuir an bord roghnúcháin dhá oiread iarrthóirí ar a laghad ar an bpainéal i gcomparáid leis na poist a cuireadh sa chomórtas.

5. An cúigiú saincheist dlí, lena n-éilítear gur sáraíodh an fógra comórtais, Airteagal 5(I), Iarscríbhinn III de na Rialacháin Foirne agus an earráid fhollasach measúnaithe dá bharr sin, sa mhéid go ndearnadh ceannaireacht na n-iarrthóirí a mheasúnú freisin i gcomórtas AD7, cé nár cuireadh an paraiméadar sin in áirithe ach do AD9.
6. An séú saincheist dlí, lena n-éilítear gur sáraíodh na prionsabail atá leagtha síos in *Di Prospero* v *an Coimisiún* agus gur sáraíodh Airteagal 27 de na Rialacháin Foirne agus prionsabal an chomhionannais, sa mhéid nár ceadaíodh leis an bhfógra comórtais rannpháirtíocht sa dá chomórtas do AD7 agus AD9 araon, cé gur chuir sé isteach go huathoibríoch iarrthóirí a rinne iarratas ar AD9 ar liosta ionadaithe AD7.
7. An seachtú saincheist dlí, lena n-éilítear gur sáraíodh prionsabal an chomhionannais idir na hiarrthóirí agus go bhfuil easpa oibiachtúlachta sna measúnuithe, mar gheall ar easpa cobhsaíochta an bhoird roghnúcháin, mar thoradh air luaineachtaí rialta i gcomhdhéanamh an bhoird roghnúcháin agus easpa “shadowing” ó thaobh an Uachtaráin de.

**Caingean arna tabhairt an 8 Márta 2023 – VA v an Coimisiún**

**(Cás T-123/23)**

(2023/C 134/32)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* VA (ionadaí: N. de Montigny, Dlíodóir)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Cinneadh PMO an 11 Bealtaine 2022 lena gcuirtear deireadh le ceart an iarratasóra liúntais linbh chleithiúnaigh agus liúntais oideachais a fháil, ón 1 Iúil 2021, agus ar an gcaoi sin, lena gcuirtear deireadh leis an laghdú cánach a bhaineann leis an liúntas linbh chleithiúnaigh, a chur ar neamhní;
— Cinneadh PMO.1 an 13 Meitheamh 2022 lena bhfógraítear aisghabháil EUR 3 500 de bhun Airteagal 85 de na Rialacháin Foirne a chur ar neamhní;
— a ordú don chosantóir cúiteamh EUR 2 441,84 a íoc leis an iarratasóir;
— a ordú don chosantóir na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean in aghaidh Chinneadh an 11 Bealtaine 2022, maíonn an t-iarratasóir trí shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar an gcoincheap de leanbh cleithiúnach agus ar an gcoincheap de thinreamh scoile lena dtugtar teidlíocht don iarratasóir liúntais oideachais agus liúntais linbh chleithiúnaigh a fháil go dtí deireadh na scoilbhliana.
2. An dara saincheist dlí, lena n-éilítear cóir mhíchothrom arna déanamh ag an Oifig um Riar agus Íoc Teidlíochtaí Indibhidiúla (PMO) idir leanaí ar éirigh leo ina gcuid staidéir sa chéad seisiún agus iad siúd a chríochnaigh sa dara seisiún.
3. An tríú saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla agus sárú ar phrionsabal an dea-riaracháin.

Mar thaca leis an gcaingean in aghaidh Chinneadh an 13 Meitheamh 2022, maíonn an t-iarratasóir dhá shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí, a ardaíodh go príomha, lena n-éilítear go bhfuil an t-iarratasóir i dteideal liúntais linbh chleithiúnaigh agus liúntais oideachais a fháil i leith a iníne don tréimhse ón 1 Iúil go dtí an 30 Meán Fómhair 2021.
2. An dara saincheist dlí, a ardaíodh mar mhalairt argóinte, lena n-éilítear go raibh cúis leis an íocaíocht de EUR 3 500 agus nach raibh sí neamhrialta. Agus fiú dá mbeadh an íocaíocht sin neamhrialta, cuireann an t-iarratasóir in iúl nach mór a mheas nach raibh sé ar an eolas faoi chineál neamhrialta na híocaíochta agus, in aon chás, nach raibh an neamhrialtacht soiléir ar bhealach ar bith, sa chaoi go bhféadfadh sé a mheas go dlisteanach go raibh an íocaíocht dleathach.

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA